Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



CONTENTS

1. Creative Ireland Programme—Culture, Wellbeing and the Creative Society
2. Background of 2016, the Centenary
3. Creativity – The National Policy Context
4. The Five Pillars of Creative Ireland
    1. *Enabling the Creative Potential of Every Child*
    2. *Enabling Creativity in Every Community*
    3. *Investing in our Creative and Cultural Infrastructure*
    4. *Ireland as a Centre of Excellence in Media Production*
    5. *Unifying our Global Reputation*
5. Year 1 programme
6. Structure, Governance and High-Level Tasks

CLÁR AN ÁBHAIR

1. Clár Éire Ildánach—Cultúr, Folláine agus an tSochaí Ildánach
2. Cúlra na bliana 2016, Bliain Chomórtha an Chéid
3. An Chruthaitheacht – Comhthéacs an Pholasaí Náisiúnta
4. Cúig Cholún a bhaineann le Éire Ildánach
    1. *Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh*
    2. *Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal*
    3. *Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir*
    4. *Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta*
    5. *Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile*
5. Clár Oibre Bhliain 1
6. Struchtúir, Cúrsaí Rialachais agus Bearta Oibre Ardleibhéil



Government Foreword
Réamhrá an Rialtais

The Creative Ireland Programme is an invitation to the entire country to get involved in something truly inspirational. At its heart is collaboration – between central and local government, between culture and industry, between artists and policy makers – to facilitate an ecosystem of creativity.

The transformational potential of culture was understood by the revolutionary generation. During this year, 2016, as we commemorated the events that led to the foundation of our state, we rediscovered the power of cultural creativity to bring communities together, and to strengthen our sense of identity.

That is why it became obvious that we should build a legacy of 2016 around our cultural heritage. Multiple discussions led to the idea of personal and collective creativity as a policy objective.

The best way to nurture the creative imagination is through active engagement with arts and culture. Promoting creativity provides us with a strategy for individual wellbeing, social cohesion and economic success.

Is ionann an *Clár Éire Ildánach* is cuireadh don tír ar fad páirt a ghlacadh i rud éigin thar a bheith ionspioráideach. Ina chroílár tá comhoibriú – idir an rialtas láir agus áitiúil, idir cultúr agus tionscal, idir ealaíontóirí agus lucht déanta polasaí – chun an bealach a réiteach do thimpeallacht chruthaitheach.

Thuig an ghlúin réabhlóideach an fhéidearthacht a bhain le cultúr chun an saol a athrú ó bhonn. Le linn na bliana seo, 2016, agus comóradh á dhéanamh againn ar na himeachtaí a raibh bunú ár stáit mar thoradh orthu, d'aimsigh muid arís an chumhacht atá ag an gcruthaitheacht chultúrtha chun pobail a thabhairt le chéile, agus chun ár bhféiniúlacht a threisiú.

Mar gheall air sin, bhí sé soiléir dúinn gur cheart oidhreacht de 2016 a thógáil thart ar ár nósanna cultúrtha. Mar thoradh ar mhórán cur agus cúiteamh, thángthas ar an smaoineamh den chruthaitheacht phearsanta agus choiteann mar chuspóir polasaí.

Is í an rannpháirtíocht ghníomhach leis na healaíona agus le cultúr an bealach is fearr chun an tsamhlaíocht chruthaitheach a chothú. Cuireann cur chun cinn na cruthaitheachta straitéis ar fáil dúinn don fholláine aonair, don chomhtháthú sóisialta agus do rath na heacnamaíochta.

This all-of-government initiative is an ambitious plan, possibly one of the most important initiatives of our time. it calls on all of us to play a part in placing our rich cultural heritage, and its potential, at the centre of our lives.

It is an initiative that can define us for generations to come. It can redefine our role as a small sovereign republic in a globalised world. It is an important statement to ourselves and to the world.

Culture and creativity are the greatest assets of any society. It is our duty to do everything we can to unleash the full creative potential of our people. That is what this initiative is all about.

Is plean uaillmhianach an tionscnamh uile-rialtais seo, a d'fhéadfadh a bheith ar cheann de thionscnaimh mhóra thábhachtacha ár linne. Éilíonn sé orainn ar fad páirt a ghlacadh agus muid ag cur ár n-oidhreacht agus ár gcumas saibhir cultúrtha i lár an aonaigh.

Is tionscnamh é a léireoidh cé muid féin do na glúine atá le teacht. Tabharfar ról as an nua dúinn mar phoblacht bheag cheannasach sa saol domhandaithe. Is ráiteas tábhachtach é dúinn féin agus don domhan.

Is iad an cultúr agus an chruthaitheacht na sócmhainní is luachmhaire atá i sochaí ar bith. Tá sé mar dhualgas orainn gach is féidir linn a dhéanamh chun teacht i dtír ar chumas cruthaitheach iomlán ár muintire. Is chuige sin atá an tionscnamh seo.

1 Creative Ireland Programme— Culture, Wellbeing and the Creative Society
Clár Éire Ildánach— Cultúr, Folláine agus an tSochaí Ildánach

Creative Ireland is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

Creative Ireland is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

Creative Ireland is the main implementation vehicle for the priorities identified in *Culture 2025/Éire Ildánach*, the draft cultural policy published by the Minister for Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs in July 2016, which sees a vibrant cultural ecosystem as essential to society. *Culture 2025/Éire Ildánach* states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to, and participation in, the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

Éire Ildánach an tionscnamh de chuid an Rialtais a eascraíonn le hoidhreacht ó Éire 2016. Tionscnamh cúig bliana atá ann, ó 2017-2022, trína gcuirtear an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Tionscnamh ardleibhéil, ardaidhme uile-rialtais atá ann d'fhonn an chruthaitheacht a chur ina gnáthchuid de shaol an náisiúin ionas gur féidir linn ar fad, asainn féin agus i gcomhar lena chéile, an acmhainn chruthaitheachta atá ionainn a thabhairt in inmhe agus chun foirfeachta sa saol pearsanta agus i bhforais éagsúla na tíre.

Tionscnamh atá in *Éire Ildánach* atá bunaithe ar an gcultúr agus atá leagtha amach le folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an bunsmaoineamh go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir ina shiocair leis an gcruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha dá bharr sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích.

Éire Ildánach an príomhchóras trína gcuirfear i bhfeidhm na tosaíochtaí a leagtar amach in *Cultúr 2025/Éire Ildánach*, an dréachtpholasaí cultúir a d'fhoilsigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta i mí Iúil 2016 ina bhfeictear gur ní bunriachtanach sa tsochaí éiceachóras beo bríomhar cultúir. Luaitear i *Cultúr 2025/Éire Ildánach* gur gné bhunúsach de Stát na hÉireann na healaíona agus an cultúr, admhaítear gur gá teacht a bheith níos furasta ar ghnéithe de na healaíona, rannpháirtíocht sna healaíona a bheith níos coitianta, borradh a chur faoi thionscail

Creative Ireland as a 2016 legacy project is inspired by the extraordinary public response to the Centenary: the thousands of events, largely culture-based, and unprecedented public participation that brought us together in shared reflections on identity, culture and citizenship that combined history with arts, heritage and language.

Creative Ireland will bring coordination and focus to existing culture-based policies and initiatives – and lead to ambitious new actions.

Creative Ireland is a wellbeing strategy for people, but it will also enable a representation of Ireland to the outside world that is well grounded, widely understood and meaningful. *Creative Ireland* will coordinate and enable the construction of that representation, seeking coherence among all stakeholders and placing a clear focus on our rich cultural heritage and our creativity.

na cruthaitheachta agus an oidhreacht a chaomhnú, le béim faoi leith ar an teanga, ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht.

A mhéid a ghlac an pobal páirt i mBliain Chomórtha an Chéid a spreag *Éire Ildánach*, tionscnamh le hoidhreacht ón mbliain 2016: na mílte imeacht, a bhí bunaithe ar chúrsaí cultúir den chuid is mó, agus rannpháirtíocht an tslua iontu, a tharraing le chéile muid i mbun machnaimh ar chúrsaí aitheantais, cultúir agus saoránachta na hÉireann, an stair á ceangal leis na healaíona, an oidhreacht agus an teanga.

Beidh breis comhordúcháin agus béime i gceist maidir le polasaithe agus tionscnaimh atá bunaithe ar an gcultúr cheana féin mar gheall ar Éire Ildánach, chomh maith le gníomhartha ardaidhme nua a thabhairt chun cinn.

Is straitéis folláine atá in *Éire Ildánach*, ach féadfar freisin Éire a chur in iúl don saol mór ar bhealach a bhfuil bunús maith faoi, tuiscint go forleathan air agus brí chiallmhar leis. Faoi *Éire Ildánach*, déanfar comhordú ar an gcur i láthair sin agus féachfar le teacht ar an gcomhtháthú ina leith i measc na bpáirtithe leasmhara go léir agus le béim a leagan go láidir ar ár n-oidhreacht shaibhircultúir agus ar an gcruthaitheacht.

Creative Ireland is underpinned by the key values should be identified in *Culture 2025/Éire Ildánach*. They are:

- The intrinsic value of culture
- The value of culture to our lives and our communities
- The right of everyone to participate in the cultural life of the nation
- The importance of the Irish language, our cultural heritage, folklore, games, music and the uniqueness of our Gaeltacht areas
- The value of cultural diversity, informed by the many traditions and social backgrounds now in Ireland
- The value of culture as a means of fostering a more sustainable future for Ireland, including through economic and social policy
- The value of culture in presenting Ireland to the world.

Mar bhonn agus taca ag *Éire Ildánach* tá na príomhluachanna atá sonraithe in *Culture 2025/Éire Ildánach*. Is iad sin:

- Luach sainiúil an chultúir
- An luach a chuireann an cultúr lenár saol agus lenár bpobal
- An ceart atá ag gach duine chun páirt a ghlacadh i saol cultúrtha an náisiúin
- A thábhachtaí atá an Ghaeilge, ár n-oidhreacht chultúrtha, ár dtraidisiún béil, ár gcluichí agus ár gceol, agus a uathúla atá ár gceantair Ghaeltachta
- Luach na héagsúlachta cultúrtha a ghabhann leis an iomad traidisiún agus cúlraí sóisialta atá againn in Éirinn inniu
- Luach an chultúir mar bhealach chun todhchaí níos inbhuanaithe a chothú d'Éirinn, lena n-áirítear trí bheartas eacnamaíoch agus sóisialta
- Luach an chultúir maidir le hÉirinn a chur i láthair an domhain

The public response to the invitation of the Ireland 2016 Centenary Programme has been characterised by unprecedented levels of historical enquiry, community activity and cultural engagement.
Is é is suntasaí faoin nglacadh a bhí ag an bpobal lenar cuireadh ar fáil faoi chlár Comórtha Céad Bliain Éire 2016 go ndearnadh fiosrú na staire níos tréine ná riamh, agus gur tharla beartaíocht phobail agus taithí an chultúir níos minice ná riamh freisin.

Creativity
An Chruthaitheacht

Creative Ireland defines **creativity** as a set of innate abilities and learned skills: the capacity of individuals and organisations to transcend accepted ideas and norms and by drawing on imagination to create new ideas that bring additional value to human activity.

Culture and creativity are inextricably linked: artists and designers are central to the evolution of a culture of creativity. The artist is the primary interrogator and narrator of our culture: the designer uses the artist's insights to infuse products, spaces and processes with cultural meaning, distinctiveness and human value.

Tugtar de shainmhíniú ar an **gcruthaitheacht** chomh fada agus a bhaineann le *Éire Ildánach* go dtagann cumas ó dhúchas agus scileanna foghlamtha i gceist leis; gur ionann an chruthaitheacht agus cumas daoine aonair agus eagraíochtaí gnáthsmaointeoireacht agus nósanna a shárú de bhíthin na héirime agus smaointe nua a chruthú a mbíonn fiúntas breise leo don duine.

Áit a mbíonn cultúr bíonn cruthaitheacht: tá an t-ealaíontóir agus an dearthóir lárnach i gcultúr cruthaitheachta a thabhairt chun cinn. An t-ealaíontóir a dhéanann an príomhchíoradh agus an príomhchur-i-láthair ar an gcultúr: baineann an dearthóir tairbhe as léargas an ealaíontóra chun brí agus saoithiúlacht an chultúir a thabhairt do tháirgí, spásanna agus próisis.

Continuous engagement with the arts is enormously beneficial for building creative capacities and enhancing wellbeing. Music, visual art, cinema and poetry contribute to societal creativity in such a way as to stimulate learning, good health and social cohesion – as well as job creation and economic prosperity.

Human creativity is often described as the ultimate economic resource, essential to the prosperity of any business, city, community or country.

Creative people are key to the new economy in which the ability to conceptualise is more important than knowledge. Culture and creativity are essential features of an innovative, post-industrial economy.

Bíonn tairbhe mhór as saothrú na n-ealaíon go leanúnach maidir le cumas cruthaitheachta a chothú agus cur le leas an duine. Cuireann ceol, na hamharcealaíona, scannánaíocht agus filíocht le cruthaitheacht sa tsochaí. Déantar foghlaim, dea-shláinte agus comhtháthú sóisialta a spreagadh chomh maith le poist a chruthú agus rath eacnamaíochta a thabhairt chun cinn.

Deirtear go minic gurb í cruthaitheacht an duine an acmhainn eacnamaíochta is fearr ar fad agus tá sí ríthábhachtach má tá rath le teacht ar ghnólacht, ar chathair, ar phobal nó ar thír ar bith.

Tá daoine cruthaitheacha tábhachtach sa gheilleagar nua a mbeidh níos mó tábhachta leis an gcumas coincheapú a dhéanamh ná le heolas. Is gnéithe bhuntábhachta de gheilleagar nuálach iar-thionsclaíoch an cultúr agus an chruthaitheacht.

Creative people are key to the new economy in which the ability to conceptualise is more important than knowledge.
Tá daoine cruthaitheacha tábhachtach sa gheilleagar nua a mbeidh níos mó tábhachta leis an gcumas coincheapú a dhéanamh ná le heolas.

There are three essential operating principles for *Creative Ireland*: Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Tá trí cinn de phrionsabail oibriúcháin i gceist maidir le *Éire Ildánach*: An Comhar agus an Chumarsáid, Cumasú an Phobail, agus Idirnáisiúnú.

2 Background of 2016, the Centenary
Cúlra na bliana 2016, Bliain Chomóradh an Chéid

The Ireland 2016 Centenary Programme has facilitated a heightened sense of shared identity, pride of country and place, and active citizenship.

The public response to the invitation of the Ireland 2016 Centenary Programme has been characterised by unprecedented levels of historical enquiry, community activity and cultural engagement. An analysis of the seven strands of the programme – nationally, county by county, and in our Diaspora – shows arts and cultural events predominating throughout.

The revolutionary generation was born out of the Gaelic League, the Irish Revival, The Irish National Literary Society, The Abbey and other cultural institutions of the time. Central to the Centenary has been our contemporary cultural life: the county libraries, the county arts and heritage offices, our archivists, community based arts groups, Irish language organisations, our universities, the Royal Irish Academy, all of the National Cultural Institutions, the Arts Council, the Irish Film Board, Culture Ireland, as well as theatres, County and City Halls, arts festivals, RTÉ and the public airwaves, concert and music venues, the streets of our cities and towns and the landscape itself – and of course the many artists and creators in different disciplines who responded to the Centenary.

D'fhág Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain go bhfuil tuiscint níos géire ar aitheantas na ndaoine, ar an mórtas as an tír agus as an áit agus ar an tsaoránacht ghníomhach.

Is é is suntasaí faoin nglacadh a bhí ag an bpobal lenar cuireadh ar fáil faoi Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain go ndearnadh fiosrú na staire níos tréine ná riamh, agus gur tharla beartaíocht phobail agus taithí an chultúir níos minice ná riamh freisin. Is léir, ar anailís a dhéanamh ar na seacht snáithe a bhain leis an gclár – go náisiúnta, de réir an chontae, agus i measc lucht an Diaspóra – gur ar imeachtaí ealaíon agus cultúir is fearr a bhí toradh.

D'eascair lucht ré na réabhlóidíochta as Conradh na Gaeilge, Athbheochan na hÉireann, Cumann Litríochta Náisiúnta na hÉireann, Amharclann na Mainistreach agus forais eile cultúir na linne. Ba chuid lárnach de Bhliain Chomórtha an Chéid saol an chultúir sa lá atá inniu ann: na leabharlanna contae, na hoifigí ealaíon agus oidhreachta contae, ár gcartlannaithe, grúpaí ealaíon atá bunaithe i measc an phobail, eagraíochtaí Gaeilge, ár n-ollscoileanna, Acadamh Ríoga na hÉireann, na Forais Náisiúnta Cultúir go léir, an Chomhairle Ealaíon, Bord Scannán na hÉireann, Cultúr Éireann, chomh maith le hamharclanna, Hallaí Contae agus Hallaí Cathrach, féilte ealaíon, RTÉ agus na meáin chraoltóireachta poiblí, ionaid ceolchoirme agus ceoil, sráideanna cathrach agus bailte móra agus an tírdhreach féin – agus, ar ndóigh, na healaíontóirí agus cruthaitheoirí go léir i ndisciplíní éagsúla a d'fhreagair don Chomóradh Céad Bliain.

Our natural affinity with the creative arts has become abundantly evident during the year. The arts provided the direct experiential platform for widespread engagement in which multiple narratives were heard and explored. We have been reminded of the centrality of the creative and participative arts to our sense of national identity and purpose.

For these reasons, there is a compelling case for a significant legacy project built around the themes of identity, culture and citizenship, and the transformative power of creativity.

Tháinig an luí atá againn go nádúrtha leis na healaíona cruthaitheacha chun cinn go soiléir i rith na bliana. Trí chúrsaí ealaíon ab fhéidir ardán a chur ar fáil do rannpháirtíocht an tslua ionas go raibh aird ar an iliomad snáithe scéil agus machnamh á dhéanamh orthu. Cuireadh i gcuimhne dúinn chomh buntábhachtach agus atá ealaín na cruthaitheachta agus an rannpháirtíocht sna healaíona maidir leis an tuiscint atá againn ar an aitheantas náisiúnta agus ar na cuspóirí náisiúnta.

Ar an ábhar sin, tá cúis an-mhaith le tionscadal suntasach le hoidhreacht atá bunaithe ar théamaí an aitheantais, an chultúir agus na saoránachta agus an chumhacht atá ag an gcruthaitheacht athrú a thabhairt chun cinn.

The public response to the invitation of the Ireland 2016 Centenary Programme has been characterised by unprecedented levels of historical enquiry, community activity and cultural engagement.
Is é is suntasaí faoin nglacadh a bhí ag an bpobal lenar cuireadh ar fáil faoi chlár Comórtha Céad Bliain Éire 2016 go ndearnadh fiosrú na staire níos tréine ná riamh, agus gur tharla beartaíocht phobail agus taithí an chultúir níos minice ná riamh freisin.

3 Creativity—The National Policy Context
An Chruthaitheacht—Comhthéacs an Pholasaí Náisiúnta

Creative Ireland will bring an enhanced level of coordination, focus and leadership to existing policies and initiatives across national and local government, State agencies, the arts and culture sector, Gaeltacht and Irish language organisations, and will provide linkages to the private business and NGO sectors. *Creative Ireland* contextualises the Programme for a Partnership Government which states that:

- Arts and culture are intrinsic to the Irish State
- We believe the arts belong to everybody and we need to increase access to, and participation in, the arts, boost our creative industries and preserve our heritage
- Societies which invest in the arts and heritage are more prosperous, successful societies.

Beidh leibhéal feabhsaithe comhordaithe, fócais agus ceannaireachta i gceist le *Éire Ildánach* i ndáil le polasaithe agus tionscnaimh atá ann cheana ar fud an rialtais náisiúnta agus áitiúil, gníomhaireachtaí Stáit, san earnáil cultúir agus ealaíon, in eagraíochtaí Gaeltachta agus Gaeilge agus cuirfidh an clár naisc ar fáil chuig na hearnálacha gnó príobháidigh agus NGO. Cuireann *Éire Ildánach* i gcomhthéacs an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta ina ndeirtear:

- Gur dlúthchuid ríthábhachtach de Stát na hÉireann na healaíona agus an cultúr
- Go gcreidtear gur don uile dhuine na healaíona agus gur gá teacht a bheith níos furasta ar na healaíona agus rannpháirtíocht a bheith níos coitianta sna healaíona, borradh a chur faoi thionscail na cruthaitheachta agus an oidhreacht a chaomhnú
- Gur mó an rath a bhíonn mar shochaí ar an gcineál a dhéanann infheistíocht i gcúrsaí ealaíon agus oidhreachta.

We believe creativity must be placed at the heart of our future as a society and a country.
Creidimid gur gá díriú ar an gcruthaitheacht ionas go mbeidh sí lárnach i dtodhchaí na sochaí agus na tíre seo.

Creative Ireland subscribes to the values and high-level principles set out in *Culture 2025/ Éire Ildánach* which aim to:

- Enrich the lives of everyone through engagement in the cultural life of the nation
- Create opportunities for increased citizen participation, especially for those currently excluded
- Encourage ambition, risk, innovation and excellence in the creative and cultural sectors
- Ensure that culture is seen as a core component of work across Government
- Recognise and support the cultural contribution of the voluntary sector
- Ensure the robustness of systems which safeguard and promote Ireland's cultural heritage
- Support a thriving Irish language, with vibrant Gaeltacht communities and other language networks
- Promote Ireland's culture on the international stage
- Finance this vision with well-designed funding mechanisms.

Le *Éire Ildánach* glactar leis na luachanna agus na prionsabail ardleibhéil atá leagtha amach in *Cultúr 2025/Éire Ildánach* a bhfuil sé mar aidhm leo:

- Saol gach duine a shaibhriú trí rannpháirtíocht i saol cultúrtha an náisiúin
- Deiseanna a chruthú do bhreis rannpháirtíochta i measc na saoránach, go háirithe do dhaoine nach bhfaigheann deiseanna den sórt sin faoi láthair
- Ardaidhm, fiontar, nuálaíocht agus barr feabhais a spreagadh in earnálacha na cruthaitheachta agus an chultúir
- A chinntiú go bhféachtar ar an gcultúr mar chroí-chomhpháirt den obair ar fud an Rialtais
- Aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don chion tairbhe a dhéanann an earnáil dheonach maidir le cúrsaí cultúir
- A chinntiú go bhfuil córas láidir ann lena ndéantar oidhreacht chultúrtha na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn
- Tacú le húsáid na Gaeilge, lena ngabhann pobail bheoga Ghaeltachta agus le líonraí eile teanga
- Cultúr na hÉireann a chur chun cinn ar an ardán idirnáisiúnta
- Meicníochtaí dea-dheartha maoinithe a úsáid chun an fhís seo a mhaoiniú

Creative Ireland is the main implementation vehicle for the priorities identified in that framework policy which seek to:

- Put culture at the heart of our lives
- Foster creativity
- Celebrate our cultural heritage and traditions
- Recognise the importance of culture to a vibrant society
- See collaboration as the new norm
- Emphasise the international dimension
- Respond to the digital age.

The Charter for Arts in Education contained in Art in Education (2012), a joint policy document of the Departments of Arts, Heritage and the Gaeltacht and Education and Skills, will be supported by *Creative Ireland*. It states the following:

> *We believe creativity must be placed at the heart of our future as a society and a country. The arts are our first encounter with that rich world of creativity, and we believe in placing the arts, alongside other subjects, at the core of our education system.*

Is é *Éire Ildánach* an príomhbhealach forfheidhmithe do na tosaíochtaí atá aitheanta sa chreatpholasaí sin a fhéachann leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An cultúr a chur ag croílár ár saol
- An chruthaitheacht a chothú
- Ár n-oidhreacht chultúrtha agus ár dtraidisiúin chultúrtha a cheiliúradh
- Aitheantas a thabhairt dá thábhachtaí atá an cultúr i sochaí bheoga
- Comhoibriú a dhéanamh mar ghnás as seo amach
- Béim a leagan ar an ngné idirnáisiúnta
- Freagairt don ré dhigiteach.

Déanfar an Chairt maidir leis na hEalaíona i gcúrsaí Oideachais, faoi mar atá le fáil i gcomhcháipéis polasaí de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, Cairt na nEalaíon san Oideachas (2012) a chothú agus seasamh léi mar chuid den chlár oibre ag *Éire Ildánach*. Luaitear ansin:

> *Creidimid gur gá díriú ar an gcruthaitheacht ionas go mbeidh sí lárnach i dtodhchaí na sochaí agus na tíre seo. Is iad na healaíona an chéad bhlaiseadh a fhaighimid ar shaibhreas seo na cruthaitheachta, agus tagaimid leis na healaíona a chur i gcroílár an chórais oideachais seo againn i dteannta ábhair eile.*

Various other State-funded research projects have demonstrated a direct link between arts-based creativity and wellbeing in various settings. The importance of the arts in the field of mental health, for example, is widely acknowledged. Among the many practical examples of arts and wellbeing are:

- The Arts in Care Settings project initiated by Age and Opportunity with a long-term aim of making the arts and creativity intrinsic to life-in-care settings for older people
- Design & Dignity, a joint project of the HSE and the Irish Hospice Foundation which brings high standards of art, design and architecture to end-of-life settings, mainly in public hospitals – and is acknowledged as having extraordinarily positive outcomes for the dying, the bereaved and for hospital staff and carers
- Arts in prison programmes, including the Arts Council Writers in Prison scheme and the Visual Artists in Prisons scheme, which are widely recognised for reducing recidivism and contributing to rehabilitation and self-confidence.

Tá tionscadail taighde eile ar tugadh maoiniú ina leith ón státchiste trínar léiríodh ceangal díreach idir an chruthaitheacht atá bunaithe ar na healaíona agus folláine i gcomhthéacsanna éagsúla. Tuigtear go forleathan mar shampla an tábhacht atá leis na healaíona i ndáil le réimse na meabhairshláinte. Áirítear ar na samplaí praiticiúla den cheangal idir na healaíona agus leas an duine:

- An tionscadal maidir leis na hEalaíona i Láithreacha Cúraim a chuir Age and Opportunity ar bun agus é d'aidhm leis go mbeadh na healaíona agus an chruthaitheacht ina ndlúthchuid de shaol daoine scothaosta agus iad faoi chúram
- Design & Dignity, tionscadal i gcomhar idir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Foras Ospíse na hÉireann trína dtugtar ardchaighdeán ealaíne, dearthóireachta agus ailtireachta i bhfeidhm i láithreacha deireadh saoil, go háirithe in ospidéil phoiblí – a n-admhaítear toradh tairbheach den suntas a bheith air maidir leo siúd atá ag saothrú an bháis, iad siúd atá faoi mhéala, lucht foirne na n-ospidéal agus lucht cúraim
- Cláir ealaíon sna príosúin, scéimeanna na Comhairle Ealaíon maidir le scríbhneoireacht sa phríosún agus na hamharcealaíona sa phríosún san áireamh, a n-aithnítear go coitianta gur cuidiú iad maidir le haititimeachas a mhaolú agus le hathshlánú agus féinmhuinín a thabhairt chun cinn.

The Global Island: Ireland's Foreign Policy for a Changing World (2015) states that 'Irish culture is a global commons, recognised and followed by people who may have no other connection to Ireland.'

The review also makes the point that 'through cultural diplomacy, the relationship we have built with our diaspora communities and the partnerships we have forged around the globe can only be strengthened.' This is an observation that has been borne out by the experience of our embassy network in 2016 which highlights the role of arts and culture in defining our place in the world and our capacity for strengthening relationships around the globe.

Cultural interaction facilitates relationships across the island of Ireland whose importance goes beyond the cultural sphere. Culture operates beyond borders and boundaries, thus facilitating cross-community and cross-cultural understanding at the deepest level. *Creative Ireland* will nurture such relationships and will continuously explore new ways in which culture and creativity can bring people together on this island.

An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú (2015) go bhfuil 'an cultúr Gaelach ina chultúr coiteann domhanda, agus go n-aithníonn daoine an cultúr sin agus go leanann siad é cé go bhféadfadh nach bhfuil ceangal ar bith eile acu le hÉirinn.'

Áitítear mar seo a leanas san athbhreithniú sin freisin: 'Trí bhíthin na taidhleoireachta cultúrtha, is cinnte go neartófar an caidreamh atá cothaithe againn lenár bpobail diaspóra agus na comhpháirtíochtaí atá againn ar fud na cruinne.' Léiríodh deimhniú leis an tuairim sin trí obair líonra na n-ambasáidí i rith na bliana 2016 agus feictear go bhfuil tábhacht anmhór le cúrsaí ealaíon agus cultúir maidir le háit na hÉireann ar fud an domhain agus an acmhainn atá ionainn treisiú leis an gcaidreamh ar fud an domhain.

Cothaítear caidrimh ar fud oileán na hÉireann mar gheall ar idirghníomhaíocht chultúrtha a dtéann a dtábhacht níos faide ná réimse an chultúir. Oibríonn an cultúr trasna teorainneacha ionas gur féidir tuiscint a chothú idir pobail agus cultúir éagsúla ar leibhéal an-domhain. Déanfar caidreamh den chineál sin a chothú faoi *Éire Ildánach* agus déanfar modhanna nua a fhiosrú go leanúnach trínar féidir leas a bhaint as cultúr agus cruthaitheacht chun daoine ar an oileán seo a thabhairt le chéile.

The arts are our first encounter with that rich world of creativity, and we believe in placing the arts, alongside other subjects, at the core of our education system.
Is iad na healaíona an chéad bhlaiseadh a fhaighimid ar shaibhreas seo na cruthaitheachta, agus tagaimid leis na healaíona a chur i gcroílár an chórais oideachais seo againn i dteannta ábhair eile.

Cultural and creative activities which help foster reconciliation on the island will continue to be supported by the Department of Foreign Affairs and Trade's Reconciliation Fund. Local authorities and state bodies will be encouraged to co-operate on a cross-border basis within the framework of *Creative Ireland*.

Creative Ireland will also support the mission of Culture Ireland, the Division of the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs responsible for the promotion of Irish arts worldwide, as it continues to present the richness and quality of Irish creativity to international audiences.

Creative Ireland will support existing initiatives in the creative industries and promote further collaborative efforts involving agencies such as Enterprise Ireland and The Design & Crafts Council of Ireland, drawing on all available resources to facilitate the best and most effective creativity initiatives for enterprise.

Creative Ireland will, to the greatest extent possible, seek to integrate its activities with *Creative Europe*—the EU programme for the cultural and creative sectors for the years 2014-2020.

Leanfar ar aghaidh ag tacú le gníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha trí Chiste Athmhuintearais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Spreagfar údaráis áitiúla agus comhlachtaí stáit chun comhoibrithe ar bhonn tras-teorann laistigh de chreat *Éire Ildánach*.

Cuideoidh *Clár Éire Ildánach* freisin le misean Chultúr Éireann, an Rannóg de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ar a leagtar de chúram ealaíona na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain, de réir mar a bhíonn ardáin á bhforbairt chun iléagsúlacht agus ardchaighdeán chruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn don lucht éisteachta agus féachana thar lear.

Cuideoidh *Éire Ildánach* le tionscnaimh atá ar bun cheana féin maidir le tionscail na cruthaitheachta agus cuirfear comharbhearta breise chun cinn lena mbaineann gníomhaireachtaí de leithéid Fiontraíocht Éireann agus Comhairle Dearthóireachta agus Ceardaíochta na hÉireann, an príomhchrann taca ag tionscal na dearthóireachta agus na ceardaíochta.

Déanfaidh an clár *Éire Ildánach* a chuid gníomhaíochtaí a fhí a mhéid is féidir le gníomhaíochtaí *An Eoraip Chruthaitheach*—Clár na hEorpa do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta do na blianta 2014-2020.

4 The Five Pillars of Creative Ireland
Cúig Cholún a bhaineann le Éire Ildánach

1 **Enabling the Creative Potential of Every Child**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

2 **Enabling Creativity in Every Community**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

3 **Investing in our Creative and Cultural Infrastructure**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

4 **Ireland as a Centre of Excellence in Media Production**
Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

5 **Unifying our Global Reputation**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

1 Enabling the Creative Potential of Every Child

Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

Devising an integrated implementation plan for arts in education is a priority for *Creative Ireland*. The plan – *Creative Children* – will be launched in September 2017.

Curriculum decision-making contributes to every child's learning and development outcomes in terms of identity, connection with community, wellbeing, confidence as learners and effectiveness as communicators. Children flourish through creative activities and experimenting with forms of expression using a range of media.

Over the course of the programme the Charter for Arts in Education will be embraced, fast-tracked, and resourced as a core element of the *Creative Ireland* agenda. The Charter sets out a number of clear principles and guidelines including that arts education:

- Enables the child to explore alternative ways of communicating
- Encourages ideas that are personal and inventive
- Makes a vital contribution to the development of a range of intelligences
- Is life enhancing and is invaluable in stimulating creative thinking and in promoting capability and adaptability

Is beart príomhthábhachta maidir le *Éire Ildánach* an obair a ghabhann le plean forfheidhmiúcháin slánchóirithe a leagan amach i ndáil leis na healaíona i gcúrsaí oideachais. Beidh an plean – *Leanaí Ildánacha* – á sheoladh i mí Mheán Fómhair 2017.

Téann cinntí maidir leis an gcuraclam i gcion ar an bhfoghlaim a dhéanann gach leanbh agus ar thorthaí na forbartha ó thaobh cúrsaí aitheantais, ceangal leis an bpobal, cúrsaí folláine agus sláinte, muinín i mbun foghlama agus éifeachtúlacht i mbun cumarsáide. Déanann gníomhaíochtaí cruthaitheacha maith do leanaí chomh maith le bheith ag plé le bealaí éagsúla le iad féin a chur in iúl ag baint úsáide as réimse meán.

Déanfar Cairt na nEalaíon san Oideachas a chothú agus a bhrostú agus acmhainní a chur ar fáil i ndáil leis mar ghné lárnach den chlár oibre faoi *Éire Ildánach*. Leagtar amach prionsabail agus treoirlínte éagsúla sa Chairt, ina measc go ndéanfaidh oideachas sna healaíona an méid seo a leanas:

- Go gcuirtear ar chumas an linbh modhanna eile cumarsáide a fhiosrú
- Go spreagtar smaointe atá pearsanta agus tionscnamhach
- Go gcuirtear ar bhealach ríthábhachtach leis an bhforbairt ar réimsí éagsúla éirime
- Go gcuirtear le saol an duine agus go bhfuil sé rífhiúntach maidir le smaointeoireacht chruthaitheach a spreagadh agus cumas agus dul in oiriúint a chothú

- Emphasises the creative process and ensures that the child's work is personal and has quality
- Ensures artistic expressions are valued, self-esteem is enhanced, spontaneity and risk-taking are encouraged, and difference is celebrated.

Other initiatives, such as the worldwide coding-for-children movement exemplified by *CoderDojo*, are important expressions of contemporary creativity that can be mainstreamed in education. Music Generation is both a cultural movement and an instrument for creative learning. The Ark, a dedicated cultural centre for children, develops innovative arts programmes for children.

Poetry Ireland works to communicate the beauty, charge and power of language and literature to primary and secondary schools islands wide through the writers in schools scheme (delivered on behalf of both Arts Councils on the island).

A key objective of Pillar 1 is that by 2022 every child in Ireland will have access to tuition and participation in art, music, drama and coding.

The Department of Education and Skills will be a key partner in implementing this pillar. The Department of Children and Youth Affairs will also be central to the success of this pillar.

- Go gcuirtear béim ar phróiseas na cruthaitheachta agus go gcinntítear gur obair phearsanta a bhfuil tréithíocht agus cáilíocht ag baint léi atá in obair an linbh
- Go gcinntítear go dtugtar aird ar chur in iúl ealaíonta, cothaítear féinmheas, spreagtar luathbheartaíocht agus dul i bhfiontar, agus déantar ceiliúradh ar an iléagsúlacht.

Is gnéithe tábhachtacha maidir le cruthaitheacht na linne seo tionscnaimh eile, mar shampla an ghluaiseacht maidir le códúchán do leanaí atá ag teacht i dtreis ar fud an domhain, ar eiseamláir de *CoderDojo*, agus is féidir gnáthrud a dhéanamh díobh sin i gcúrsaí oideachais. Is gluaiseacht cultúir Music Generation chomh maith lena bheith ina mhodh oibre maidir leis an bhfoghlaim chruthaitheach. Déanann The Ark, ionad cultúir ar leith do leanaí, cláir nuálacha ealaíon a fhorbairt do leanaí.

Oibríonn Éigse Éireann chun áilleacht, spreagadh agus cumhacht teanga agus litríocht a chur in iúl do bhunscoileanna agus scoileanna dara-leibhéal ar fud an oileáin trí scéim na scríbhneoirí sna scoileanna (a chuirtear i bhfeidhm thar ceann an dá Chomhairle Ealaíon ar an oileán).

Is ceann de phríomhchuspóirí Cholún 1 é go mbeadh teacht ag gach leanbh in Éirinn faoin mbliain 2022 ar theagasc san ealaín, sa cheol, sa drámaíocht agus sa chódúchán chomh maith le deis rannpháirtíochta iontu.

Beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar na príomhpháirtnéirí a bheidh i gceist leis an gcolún seo a thabhairt i bhfeidhm. Beidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige freisin lárnach in imeachtaí faoin gcolún seo.

2 Enabling Creativity in Every Community

Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

The *Centenary Programme* demonstrated two critically important aspects of local governance: first, local authorities are the primary instruments of community engagement and second, local authorities have a particular capacity for local programme delivery, especially in the context of citizen engagement.

The empowerment of local authorities to lead the engagement of citizens with our arts and culture is essential. To make this effective, each local authority will be asked to develop a Culture and Creativity Plan, reflecting the overall structure and aims of the national strategy for culture and creativity.

Each local authority will also establish a Culture Team bringing together arts officers, librarians, heritage officers, archivists and other relevant personnel – thus maximising synergies and focusing attention on the capacity of local authorities to foster and encourage creative activity. The team will report to and be led by a Director of Services. A dedicated budget will be allocated to each Local Authority with the primary objective of citizen engagement with their Culture and Creativity Plans.

Léiríodh dhá ghné de rialachas áitiúil atá fíorthábhachtach le *Clár Comórtha an Chéid*; ar an gcéad dul síos, is trí na húdaráis áitiúla go bunúsach is fearr caidreamh a dhéanamh leis an bpobal agus ar an dara ní, níl sárú na n-údarás áitiúil ar fáil maidir le cláir oibre a thabhairt i gcrích go háitiúil, go háirithe nuair atá rannpháirtíocht na saoránach i gceist leo.

Ní mór a thabhairt de chumhacht do na húdaráis áitiúla na saoránaigh a spreagadh i mbun ealaíona agus chultúr na hÉireann. D'fhonn an éifeachtúlacht is fearr, éileofar ar gach údarás áitiúil Plean Cultúir agus Cruthaitheachta a ullmhú a thiocfaidh faoi anáil leagan amach ginearálta agus aidhmeanna na straitéise náisiúnta maidir le cultúr agus cruthaitheacht.

Cuirfidh gach údarás áitiúil Meitheal Cultúir ar bun freisin a dtabharfar faoina scáth na hoifigigh ealaíon, na leabharlannaithe, na hoifigigh oidhreachta, na cartlannaithe agus oibrithe eile a bhaineann le hábhar – ionas go dtarlaíonn an comhoibriú agus an comhar is fearr agus go ndírítear an aird ar chumas na n-údarás áitiúil beartaíocht chruthaitheachta a chothú agus a spreagadh. Is don Stiúrthóir Seirbhísí a thabharfaidh an mheitheal tuairisc ar an obair agus beidh an Stiúrthóir sin i gceannas. Déanfar buiséad faoi leith a leithroinnt ar gach Údarás Áitiúil agus an phríomhchuspóir leis saoránaigh a spreagadh leis na Pleananna Cultúir agus Cruthaitheachta.

Creative Ireland will develop and implement *Cruinniú na Cásca*, an annual programme of arts activities and cultural reflection over Easter Weekend – nationally, locally, and in the Diaspora. RTÉ will be the core partner for the main national event which will be modelled on the highly successful RTÉ *Reflecting the Rising*. This initiative will be replicated across the country using the Culture Night model. Local authorities will be the primary delivery mechanism for *Cruinniú na Cásca* in each county.

Beginning in 2018, *Creative Ireland* will establish and support an annual County of Culture award, allowing individual counties to showcase their cultural creativity over a 12-month period.

Creative Ireland will also establish and support an awards scheme that recognises and rewards Irish-based artists work and seeks to promote them at home and overseas.

The Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs and the Department of Social Protection are working together to introduce a new pilot scheme to provide income supports to low-earning artists through the social welfare system.

The Department of Housing, Planning, Community and Local Government, and all of our Local Authorities will be key partners in this pillar.

Déanfaidh *Éire Ildánach Cruinniú na Cásca* a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Clár bliantúil de ghníomhaíochtaí ealaíon agus de mhachnamh ar an gcultúr a bheidh sa chruinniú a eagrófar le haghaidh Deireadh Seachtaine na Cásca gach bliain – go náisiúnta, go háitiúil agus i measc an Diaspóra. RTÉ an príomhpháirtnéir maidir leis an bpríomhócáid náisiúnta a bheidh bunaithe ar mhúnla *Radharc ar an Réabhlóid* RTÉ ar éirigh chomh hiontach sin leis. Cuirfear an tionscnamh seo ar bun ar fud na tíre ar aon dul le múnla na hOíche Cultúir. Is iad na hÚdaráis Áitiúla is tábhachtaí maidir le *Cruinniú na Cásca* a thabhairt i gcrích i ngach contae.

Ag tosú sa mbliain 2018 bunóidh agus tacóidh *Éire Ildánach* le gradam Contae an Chultúir. Deis a bheidh ann do chontaetha a gcruthaitheacht chultúir a léiriú ar feadh tréimhse 12 mí.

Bunóidh agus tacóidh *Éire Ildánach* freisin le scéim gradam a thabharfaidh aitheantas do shaothar ealaíontóirí atá bunaithe in Éirinn agus a fhéachfaidh na healaíontóirí a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear.

Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Coimirce Sóisialaí ag obair le chéile le meicníocht a cheapadh, mar scéim phíolótach, le cabhair a thabhairt d'ealaíontóirí féinfhostaithe a bhfuil iarratas déanta acu ar Liúntas Cuardaitheora Poist.

Beidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus na hÚdaráis Áitiúla go léir, ina bpáirtnéirí mórtháb-hachta maidir leis an gcolún seo.

3 Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

The Government recognises that high quality infrastructure is critical for a vibrant arts and culture sector and that investment in cultural infrastructure underpins social cohesion and supports strong and sustainable economic growth. *Creative Ireland* will help facilitate consideration of infrastructure priorities on an integrated phased basis.

Significant investment programmes are already underway or planned for the National Gallery, the National Library, the National Archives and the National Concert Hall. A three-year €9m capital investment scheme in regional and local arts and cultural centres is also underway. The nine 'Permanent Reminder' capital projects for 2016 constitute a major built legacy of the *Ireland 2016 Centenary Programme*.

Using existing resources, the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs is supporting the National Cultural Institutions in preparing ambitious but realistic investment plans, building on the progress already underway, to address infrastructure deficiencies in a planned and measured way.

Tuigeann an Rialtas go bhfuil tábhacht chinniúnach le hinfreastruchtúr ardchaighdeáin maidir le hearnáil bhríomhar ealaíon agus cultúir agus go gcuireann infheistíocht in infreastruchtúr cultúir bonn treise faoin dlús sóisialta agus faoi fhorás eacnamaíochta atá tréan inbhuanaithe. Le *Éire Ildánach* éascófar breithniú ar thosaíochtaí infreastruchtúir ar bhonn céimnithe comhtháite.

Tá cláir shuntasacha infheistíochta ar bun cheana féin nó beartaithe maidir leis an nGailearaí Náisiúnta, an Leabharlann Náisiúnta, an Chartlann Náisiúnta agus an Ceoláras Náisiúnta. Tá scéim trí bliana maidir le hinfheistíocht chaipitil dar luach €9m i ndáil le hionaid ealaíon agus cultúir réigiúnacha agus áitiúla ar bun chomh maith. Beidh na naoi dtionscadal caipitil a bhaineann leis na 'Meabhrúcháin Bhuana' ina gcuid shuntasach den oidhreacht foirgníochta a eascraíonn as *Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain*.

Trí úsáid a bhaint as acmhainní atá ar fáil cheana féin, tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta,Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ag cuidiú leis na Forais Náisiúnta Cultúir pleananna infheistíochta uaillmhianacha ach réadúla a ullmhú, a chuirfidh leis an dul chun cinn atá á dhéanamh cheana féin, agus tabhairt faoin easnamh infreastruchtúir ar bhealach réamhphleanáilte.

The Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs will work with cultural institutions and other key stakeholders to develop an overall capital strategy for the cultural and heritage sector, to include digitisation projects and the building of cultural collections, feeding into the Mid-term Review of the Capital Programme in mid-2017.

Oibreoidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta leis na forais chultúir agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun straitéis caipitil fhoriomlán a thabhairt chun cinn i ndáil le hearnáil an chultúir agus na hoidhreachta, lena n-áirítear tionscadail digitiúcháin agus bailiúcháin chultúir a chur le chéile, agus tabharfar an obair sin faoi mheas leis an Athbhreithniú Lár Téarma ar an gClár Caipitil i rith na bliana 2017.

Significant investment programmes are already underway or planned for the National Gallery, the National Library, the National Archives and the National Concert Hall.

Tá cláir shuntasacha infheistíochta ar bun cheana féin nó beartaithe maidir leis an nGailearaí Náisiúnta, an Leabharlann Náisiúnta, an Chartlann Náisiúnta agus an Ceoláras Náisiúnta.

4 Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

The overarching, long-term objective of this pillar is to elevate the creative industries including media, architecture, design, digital technology, fashion, food and crafts drawing together, on an all-of-government basis, State agencies, industry partners and those engaged in fostering innovation in enterprise.

As an initial project the key focus will be on Ireland's potential to be a global leader in film production, TV drama, documentary, children's storytelling, and animation for the screen. Ireland has the creative talent, storytelling/literary history, international credibility, geographic location and incentive structures to compete on a global level, to tell compelling Irish and universal stories, and to grow and sustain a vibrant creative audio-visual sector.

Creative Ireland will provide a context and platform for a major initiative involving the Irish Film Board, RTÉ, the independent production sector, third level institutions, and other stakeholders to enable and position this sector to be an international leader. With many new and highly resourced buyers and distributors looking for high quality content and a globally connected audience, the opportunity is significant. *Creative Ireland* will facilitate an industry-wide plan to ensure strategic coherence around the objective of making Ireland a leader in this sector.

The Department of Communications, Climate Action and Environment and the Department of Jobs, Enterprise and Innovation will be key partners in this pillar.

Is é cuspóir uileghabhálach fhadtéarmach an cholúin seo na tionscail chruthaitheacha, lena n-áirítear na meáin, ailtireacht, dearadh, teicneolaíocht dhigiteach, faisean, bia agus ceirdeanna, a ardú ó thaobh stádais de trí ghníomhaireachtaí Stáit, comhpháirtithe tionsclaíochta agus iad siúd a chothaíonn nuálaíocht fiontraíochta a thabhairt le chéile ar bhonn uile-rialtais.

I dtús báire díreofar ar fhéidearthacht na hÉireann bheith chun tosaigh ar thíortha an domhain maidir le léiriú scannán, drámaíocht teilifíse, cláir fhaisnéise, scéalaíocht do leanaí agus anamúlacht don scáileán. Tá an cumas cruthaitheachta, an stair scéalaíochta/litríochta, an seasamh idirnáisiúnta, an t-ionad tíreolaíochta agus na córais dreasachta ar fáil in Éirinn chun iomaíocht a dhéanamh ar leibhéal an domhain, chun scéalta spéisiúla de chuid na hÉireann nó de chuid an tsaoil a chur i láthair, agus chun earnáil bhríomhar chruthaitheach closamhairc a thabhairt chun cinn agus a choinneáil ar bun.

Le *Éire Ildánach*, beidh comhthéacs agus ardán ar fáil do thionscnamh mór lena mbaineann Bord Scannán na hÉireann, RTÉ, earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, na forais oideachais tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara eile chun go mbeidh an earnáil ina ceannródaí idirnáisiúnta. Deis mhór atá ann ó tharla an oiread lucht ceannacháin agus lucht dáiliúcháin nua ann a bhfuil acmhainn mhór acu agus atá ag lorg ábhar ar ardchaighdeán agus lucht féachana a bhfuil ceangal eatarthu ar fud an domhain. Réiteoidh *Éire Ildánach* an bealach do phlean ar fud an tionscail ar fad trína gcinnteofar dlús straitéiseach maidir leis an aidhm go mbeadh Éire i mbun ceannródaíochta san earnáil seo.

Beidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ina bpáirtnéirí príomhtháblachta maidir leis an gcolún seo.

5 Unifying our Global Reputation

Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Amid increasingly fierce global competition for investment, tourism and export markets, a clear articulation of a country's values, capabilities and beliefs about itself is increasingly important. *Creative Ireland* will facilitate the development of that articulation, and will strive to increase our influence in the world, with direct and indirect economic and social benefits.

New Zealand's nation branding experience, and the international communications approach of the Nordic countries offer instructive case studies for Ireland, showing what can be achieved to alter or broaden perceptions about a country's values and capabilities, and strengthen international perceptions.

Creative Ireland presents an opportunity to create a single proposition based on Irish culture and creativity that represents a considered, compelling and imaginative view of how we wish to be seen by the outside world – the outward expression of our identity – for everyone who wishes to know about or to engage with Ireland.

This pillar will involve many Government Departments, including the Department of Foreign Affairs and Trade, the Department of Jobs, Enterprise and Innovation, the Department of Tourism, Transport and Sport, and relevant State agencies that operate at international level.

Tráth a bhfuil iomaíocht ghéar ar fud an domhain ó thaobh infheistíochta, turasóireachta agus margaí easpórtála, tá sé ag éirí níos tábhachtaí luachanna, acmhainn agus meon tíre ina leith féin a chur in iúl. Déanfaidh *Éire Ildánach* an bealach leis sin a chur in iúl a éascú agus féachfaidh leis an tionchar atá againn ar an domhan a mhéadú le buntáiste dá réir sin, go díreach agus go hindíreach, i gcúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta.

Tá samplaí an teagaisc ar fáil ag Éirinn sa bhrandáil náisiúnta ar an Nua-Shéalainn agus sa chur chuige maidir le cumarsáid idirnáisiúnta a chleachtann tíortha na gcríoch Lochlannach.

Is deis atá in *Éire Ildánach* freagra amháin a thabhairt bunaithe ar chultúr agus ar chruthaitheacht na hÉireann ar ionann é is léargas samhlaíoch, tomhaiste, iontach ar mar ba mhaith linne a bhreathnódh an saol mór orainn – léiriú ar a n-aitheantas do gach duine ar mian leo eolas a chur ar Éirinn nó caidreamh a dhéanamh léi.

Beidh go leor Ranna Rialtais i gceist sa cholún seo, ina measc an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt chomh maith le gníomhaireachtaí Stáit a fheidhmíonn ar leibhéal idirnáisiúnta.

5 Year 1 Programme
Clár Bhliain 1

The following ten initiatives will be completed and in place by the end of 2017:

1. A national plan to enable every child in Ireland to access tuition in music, drama, art and coding
2. A Culture and Creativity plan in every county
3. A Culture Team, Director-led, configured to local needs, in every county
4. *Cruinniú na Cásca* programme
5. The Departments of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs and Social Protection will work together to devise a mechanism to assist self-employed artists who have applied for Jobseekers Allowance. This would be a pilot scheme.
6. A plan for the development of each National Cultural Institution to 2022
7. A five year capital investment programme for the culture and heritage sector
8. An industry-wide, long-term plan, for Ireland as a global hub for the production of Film, TV Drama, and Animation
9. A unified international identity and communications programme for Ireland
10. A new *Creative Ireland Forum* conference to showcase the best national and international thinking will have taken place.

Déanfar na deich dtionscnamh seo a leanas a thabhairt chun críche agus a chur ar bun roimh dheireadh na bliana 2017:

1. Plean náisiúnta le deis a thabhairt do gach leanbh in Éirinn teagasc sa cheol, sa drámaíocht, san ealaín agus sa chódúchán a thapú
2. Plean Cultúir agus Cruthaitheachta i ngach contae
3. Meitheal Cultúir, faoi cheannas Stiúrthóra, arna cóiriú de réir riachtanais an cheantair, i ngach contae
4. Clár Chruinniú na Cásca
5. Oibreoidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le chéile le meicníocht a cheapadh, mar scéim píolótach, le cabhair a thabhairt d'ealaíontóirí féinfhostaithe a bhfuil iarratas déanta acu ar Liúntas Cuardaitheora Poist
6. Plean maidir leis an bhforbairt a dhéanfar ar gach Foras Cultúir faoin mbliain 2022
7. Clár cúig bliana maidir leis an infheistíocht chaipitil in earnáil an chultúir agus na hoidhreachta
8. Plean fadtéarmach, a dtagann an tionscal ar fad faoina scáth, i ndáil le hÉirinn mar mhol domhanda don léiriúchán i gcúrsaí Scannánaíochta, Drámaíocht Teilifíse agus Anamúlachta
9. Clár cumarsáide agus féiniúlacht idirnáisiúnta aontaithe d'Éirinn
10. Beidh comhdháil de chuid *Fhóram Éire Ildánach* ag ar cuireadh an chuid is fearr den smaointeoireacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar taispeáint tar éis tarlú.

6 Structure, Governance and High-level Tasks
Struchtúir, Cúrsaí Rialachais agus Bearta Oibre Ardleibhéil

The structural elements of *Creative Ireland* are:

- A Cabinet Committee chaired by An Taoiseach
- A Senior Officials Group, led by the Secretary General of the Department of An Taoiseach, comprising senior civil servants from each relevant Department
- A dedicated Project Office, located in the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs.

A critical success factor for Ireland 2016 was the unprecedented level of inter-departmental and inter-agency collaboration. *Creative Ireland* will implement the lessons learned in this regard, creating a collaborative, cross-government initiative, and a model that can be mirrored at local level.

The core work of *Creative Ireland* is creating and sustaining functional and productive partnerships with all identified agencies built on detailed work-plans, with tangible outcomes, that will be developed in consultation with each partner organisation.

Seo a leanas na gnéithe infreastruchtúir a bhaineann le *Éire Ildánach*:

- Coiste Comhaireachta faoi chathaoirleacht an Taoisigh
- Grúpa Oifigeach Sinsearach, faoi stiúir Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh, ar a mbeidh státseirbhísigh sinsearacha as gach ceann de na ranna rialtais lena mbaineann
- Oifig Tionscadail faoi leith, lonnaithe sa Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Ar cheann de na tosca ba chinniúnaí maidir leis an rath a bhí ar Éire 2016, bhí an obair i gcomhar idir ranna rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais ar leibhéal nach bhfacthas riamh cheana. Cuirfidh *Éire Ildánach* a bhfuil foghlamtha ina leith seo i bhfeidhm ionas go gcruthaítear tionscnamh comharoibre trasrialtais a bheidh ina mhúnla aithrise ar an leibhéal áitiúil.

Is í an phríomhobair atá le déanamh ag *Éire Ildánach* páirtnéireacht thairbheach agus feidhmiúcháin a chruthú agus a chothú leis na gníomhaireachtaí ar fad a thugtar san áireamh agus sin bunaithe ar phleananna mionsonraithe oibre, lena luaitear torthaí follasacha, arna leagan amach i gcomhairle le gach eagraíocht páirtnéireachta faoi leith.

In addition to the key government Departments and local government structures, other partners involved in *Creative Ireland* will include the third level sector, arts and culture organisations (including the National Cultural Institutions), media organisations, the Arts Council, the Heritage Council, the Irish Film Board, Enterprise Ireland, IDA Ireland, Tourism Ireland, Fáilte Ireland, Bord Bia, Science Foundation Ireland, Údarás na Gaeltachta, An Foras Teanga, the Design and Craft Council, the Western Development Commission, and other organisations in the arts, culture, Irish language, education, child development, design, science and technology sectors.

Chomh maith leis na Príomhranna Rialtais agus na struchtúir rialtais áitiúil i measc páirtnéirí eile atá páirteach in *Éire Ildánach* beidh an earnáil tríú leibhéal, eagraíochtaí ealaíon agus cultúir (lena n-áirítear na Forais Náisiúnta Cultúir), eagraíochtaí meán cumarsáide, an Chomhairle Ealaíon, an Chomhairle Oidhreachta, Bord Scannán na hÉireann, Fiontraíocht Éireann, IDA Éireann, Turasóireacht Éireann, Fáilte Ireland, Bord Bia, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Údarás na Gaeltachta, An Foras Teanga, Comhairle Dearthóireachta agus Ceardaíochta na hÉireann, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus eagraíochtaí eile sna hearnálacha ealaíon, cultúir, Gaeilge, oideachais, forbartha leanaí, deartha, eolaíochta agus teicneolaíochta.

A critical success factor for Ireland 2016 was the unprecedented level of inter-departmental and inter-agency collaboration. Creative Ireland will implement the lessons learned in this regard.

Ar cheann de na tosca ba chinniúnaí maidir leis an rath a bhí ar Éire 2016, bhí an obair i gcomhar idir ranna rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais ar leibhéal nach bhfacthas riamh cheana. Cuirfidh Éire Ildánach a bhfuil foghlamtha ina leith seo i bhfeidhm.